Comhairle an
Aontais Eorpaigh

GA

10984/14
(OR. en)

PRESSE 341
PR CO 34

# PREASEISIÚINT

3322ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Talmhaíocht agus Iascach

Lucsamburg, 16 agus 17 Meitheamh 2014

An tUachtarán **Georgios KARASMANIS**
An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bia na Gréige

P R E A S

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/press

## Príomhthorthaí ón gComhairle

***Scéim torthaí, glasraí agus bainne do scoileanna***

*Leag an Uachtaránacht béim ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na chéad sé mhí de 2014 maidir leis na tograí le haghaidh rialachán lena nasctar an scéim cúnaimh chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar do scoileanna. Is é is aidhm don togra na scéimeanna atá ann cheana a shruthlíniú d'fhonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht a mhéadú agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Bunaíodh an scéim bainne do scoileanna agus an scéim torthaí do scoileanna san Aontas sa bhliain 1977 agus sa bhliain 2007 faoi seach d'fhonn caitheamh torthaí, glasraí agus táirgí bainne i scoileanna a spreagadh. I bhfianaise na díospóireachta sa Chomhairle, is é bunús dlí an togra, cuspóir agus raon feidhme an chórais agus na forálacha maoiniúcháin na príomhcheisteanna a sainaithníodh.*

***Táirgí déiríochta amach anseo***

*Rinne an Chomhairle machnamh ar thuarascáil ón gCoimisiún maidir le forbairt an mhargaidh san earnáil bainne, mar a fhoráiltear sa "Phacáiste Bainne". Níor glacadh na conclúidí maidir le hearnáil an bhainne a d'ullmhaigh an Uachtaránacht mar thoradh ar an bplé tar éis chur i láthair na tuarascála, d'fhonn iarracht a dhéanamh na seasaimh a thabhairt chun réitigh i measc na mBallstát a ghríosaíonn bearta breise chun bogthuirlingt cuí a áirithiú agus i measc gníomhairí eile a iarrann bearta do thodhchaí na hearnála. Dá bhrí sin, is faoin gcéad Uachtaránacht eile a bheidh na cinntí maidir le láimhseáil an chomhaid amach anseo*

***Conclúidí ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí***

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún i dtaca le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí ó cuireadh athchóiriú 2007 i bhfeidhm. Thug an Chomhairle dá haire nár baineadh leas iomlán as an athchóiriú fós: go raibh ról lárnach ag na heagraíochtaí táirgeoirí ach go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun feidhmiú agus mealltacht na n-eagraíochtaí sin a fheabhsú. Chuir an Chomhairle in iúl go láidir gur gá líon an mhaorlathais a ghearradh agus na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, rud lena gcuirfí creat soiléir, intuartha agus trédhearcach ar fáil do tháirgeoirí.*

***An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus an cosc ar ábhar muirí a aischur***

*Bhreithnigh na hAirí an t-ullmhúchán a rinneadh chun go nglacfadh an Chomhairle a seasamh maidir le togra le haghaidh rialacháin i ndáil leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Ina theannta sin, thug na Ballstáit tuairisc ar an scéal is déanaí maidir le pleananna chun cosc a chur ar ábhar muirí a aischur a ullmhú ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir leis an ullmhúchán atá ar bun chun an Comhbheartas nua Iascaigh (CBI) a chur chun feidhme. Chuir sin ar chumas na mBallstát tuairimí, taithí agus faisnéis a roinnt lena chéile.*

***Sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, margadh na síolta agus rialuithe***

*Thíolaic an Uachtaránacht chuig an gComhairle a tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le tograí an phacáiste do shláinte ainmhithe agus plandaí, agus rialuithe. Sa phacáiste sin, is é an togra ón gCoimisiún maidir le hábhar atáirgthe plandaí an ceann is mó a mbaineann conspóid leis agus dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa dó ar an gcéad léamh. I bhfianaise na vótála sin, bhailigh an Uachtaránacht tuairimí na mBallstát maidir le hollstruchtúr thogra athbhreithnithe a d'fhéadfadh teacht ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin.*

***Ábhair eile***

*Ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht maidir leis na comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha i dtaca le trádáil táirgí orgánacha. Ba cheart, leis sin, gur fearr an chothromaíocht a ghabhfadh leis an gcaibidlíocht sin, atá bunaithe i láthair na huaire ar choibhéis aontaobhach.*

*Ghlac an Chomhairle rialachán freisin lena mbunaítear comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach ar a dtugtar an comhghnóthas Shift2Rail chun dlús a chur le nuáil iarnróid san Eoraip. Ghlac sí rialachán freisin lena gcuirtear síneadh le sainordú chomhghnóthas SESAR go dtí deireadh na bliana 2024.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE ............................................................ 6**

**MÍREANNA A PLÉADH**

TALMHAÍOCHT ............................................................ 8

Scéim torthaí, glasraí agus bainne do scoileanna ............................................................ 8

An earnáil déiríochta amach anseo ............................................................ 9

Cur chun feidhme an Chomhbheartais nua Talmhaíochta ............................................................ 10

Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí - *Conclúidí ón gComhairle* ............................................................ 11

IASCACH ............................................................ 12

Togra le haghaidh rialacháin maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ............................................................ 12

Cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh: pleananna maidir le hábhair mhuirí a aischur ....... 13

Aon ghnó eile ............................................................ 14

– Tásc ar thionscnamh feola ............................................................ 14

– Iarmhairtí stoirmeacha ar fhoraoisí ............................................................ 15

– Comhdháil maidir le tacaíocht eolaíoch don talmhaíocht ............................................................ 16

– Uasteorainneacha astaíochta do thruailleáin áirithe san aer ............................................................ 16

– Sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, margadh na síolta agus rialuithe ............................................................ 17

– Leas a bhaint as frithmhiocróbáin i dtógáil ainmhithe feirme ............................................................ 18

– Bainistiú caibeallán - an staid mar atá ............................................................ 18

[1] • I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
• Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
• Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

*TALMHAÍOCHT*

– Trádáil táirgí orgánacha - Caibidlíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha ......... 19

*GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

– Comhaontuithe Comhlachais leis an tSeoirsia agus le Poblacht na Moldóive ..................................................... 19

– Tacaíocht airgeadais AE chuig Údarás na Palaistíne.............................................................................................. 20

– Gníomhaíocht in aghaidh mianach frithphearsanra ................................................................................................ 21

*GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– Iniúchóir seachtrach Bhanc Mhálta ......................................................................................................................... 23

*CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– Europol - Montainéagró ........................................................................................................................................... 23

*DLÍ AN BHIA*

– Comhaltaí bhord bainistithe EFSA.......................................................................................................................... 24

*IOMPAR*

– Comhghnóthas SESAR ........................................................................................................................................... 25

– Comhghnóthas Shift2Rail ........................................................................................................................................ 25

*FUINNEAMH NÚICLÉACH*

– Comhaontú Comhlachais leis an tSeoirsia .............................................................................................................. 25

– Comhaontú Comhlachais leis an Moldóiv............................................................................................................... 26

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Sabine LARUELLE | An tAire don Mheánaicme, FBManna, Daoine Féinfhostaithe agus Talmhaíocht |
| **An Bhulgáir:** | |
| Dimitar GREKOV | An tAire Talmhaíochta agus Bia |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Marian JUREČKA | An tAire Talmhaíochta |
| **An Danmhairg:** | |
| Dan JØRGENSEN | An tAire Bia, Talmhaíochta agus Iascaigh |
| **An Ghearmáin:** | |
| Christian SCHMIDT | An tAire Cónaidhme Bia agus Talmhaíochta |
| Robert KLOOS | Státrúnaí, Aireacht Chónaidhme Bia agus Talmhaíochta |
| **An Eastóin:** | |
| Ivari PADAR | An tAire Talmhaíochta |
| Clyde KULL | Leas-Bhuanionadaí |
| **Éire:** | |
| Simon COVENEY | An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **An Ghréig:** | |
| Georgios KARASMANIS | An tAire Forbartha Tuaithe agus Bia |
| Dimitrios MELAS | An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bia – Ardrúnaí don Bheartas Talmhaíochta agus don Chaidreamh Idirnáisiúnta |
| **An Spáinn:** | |
| Isabel GARCIA TEJERINA | An tAire Talmhaíochta, Bia agus Comhshaoil |
| **An Fhrainc:** | |
| Alexis DUTERTRE | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Chróit:** | |
| Snježana ŠPANJOL | An Leas-Aire Talmhaíochta |
| **An Iodáil:** | |
| Giuseppe CASTIGLIONE | Státrúnaí Talmhaíochta, Bia agus Beartais Foraoiseachta |
| **An Chipir:** | |
| Nicos KOUYIALIS | An tAire Talmhaíochta, Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaoil |
| **An Laitvia:** | |
| Gatis ĀBELE | Rúnaí Parlaiminte, An Aireacht Talmhaíochta |
| **An Liotuáin:** | |
| Vigilijus JUKNA | An tAire Talmhaíochta |
| **Lucsamburg:** | |
| Fernand ETGEN | An tAire Talmhaíochta, Fíonsaothraithe agus Cosanta Tomhaltóirí, An tAire don Chaidreamh leis an bParlaimint |
| **An Ungáir:** | |
| György CZERVÁN | Státrúnaí Geilleagair Talmhaíochta, an Aireacht Forbartha Tuaithe |
| **Málta:** | |
| Roderick GALDES | An Rúnaí Parlaiminte Talmhaíochta, Iascaigh agus Ceart Ainmhithe san Aireacht Forbartha Inbhuanaithe, Comhshaoil agus Athraithe Aeráide |

| | |
|---|---|
| **An Ísiltír:** | |
| Wepke KINGMA | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ostair:** | |
| Andrä RUPPRECHTER | An tAire Cónaidhme Talmhaíochta, Foraoiseachta, Comhshaoil agus Bainistithe Uisce |
| **An Pholainn:** | |
| Marek SAWICKI | An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| Kazimierz Florian PLOCKE | Státrúnaí, An Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| **An Phortaingéil:** | |
| Assunção CRISTAS | An tAire Talmhaíochta agus Gnóthaí Muirí |
| José DIOGO ALBUQUERQUE | An Státrúnaí Talmhaíochta |
| Manuel PINTO DE ABREU | An Státrúnaí Gnóthaí Muirí |
| **An Rómáin:** | |
| George TURTOI | Státrúnaí, An Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| Cristian BADESCU | Leas-Bhuanionadaí |
| **An tSlóivéin** | |
| Dejan ŽIDAN | Leas-Phríomh-Aire, an tAire Talmhaíochta agus Comhshaoil |
| Tanja STRNIŠA | Státrúnaí san Aireacht Talmhaíochta agus Comhshaoil |
| **An tSlóvaic:** | |
| Ľubomír JAHNÁTEK | An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| **An Fhionlainn:** | |
| Jari KOSKINEN | An tAire Talmhaíochta agus Foraoiseachta |
| **An tSualainn:** | |
| Eskil ERLANDSSON | An tAire Gnóthaí Tuaithe |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| George EUSTICE | Fo-státrúnaí Parlaiminte don Talmhaíocht, don Bhia agus don Mhuirthimpeallacht, An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe |
| Richard LOCHHEAD | An Rúnaí Comh-Aireachta do Ghnóthaí Tuaithe agus don Chomhshaol |
| Alun DAVIES | An tAire le haghaidh Acmhainní Nádúrtha agus Bia |

| | |
|---|---|
| **An Coimisiún:** | |
| Dacian CIOLOŞ | Comhalta |
| Tonio BORG | Comhalta |

## ÁBHAIR A PLÉADH

## TALMHAÍOCHT

### Scéim torthaí, glasraí agus bainne do scoileanna

Thíolaic an Uachtaránacht a tuarascáil ar dhul chun cinn (*10456/14*) i ndáil leis na tograí ón gCoimisiún le haghaidh na rialachán lena nasctar le chéile na scéimeanna chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar chuig scoileanna. (*5958/14*)

I dtuarascáil na hUachtaránachta, cuirtear béim ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na tograí sin ón gCoimisiún i gcéad leath na bliana 2014, tar éis don Choimisiún iad a chur faoi bhráid na Comhairle i mí Feabhra. Dréachtaíodh é faoi chúram na hUachtaránachta agus tá sé bunaithe ar sheasaimh a léiríodh sa Chomhairle agus ina comhlachtaí ullmhúcháin.

Le ceann den dá thogra, leasaítear an rialachán nua lena mbunaítear Comheagrú na Margaí agus a glacadh i gcomhthéacs athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Is é is aidhm don leasú na scéimeanna atá ann cheana a athchóiriú chun éifeachtúlachta agus éifeachtachta agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leo a laghdú. Bunaíodh an scéim bainne do scoileanna agus an scéim torthaí do scoileanna san Aontas sa bhliain 1977 agus sa bhliain 2007 faoi seach d'fhonn caitheamh táirgí bainne, agus torthaí agus glasraí a spreagadh i scoileanna. Le cur leis an togra sin, tá togra eile curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún freisin lena leasófaí an rialachán lena gcinntear bearta i ndáil le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí (*6054/14*).

Tar éis an phlé sa Chomhairle, d'aimsigh an Uachtaránacht na príomhphointí seo a leanas ar gá a réiteach:

– bunús dlí na dtograí: thacaigh na toscaireachtaí ar fad le tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle gurb é Airteagal 43(3) CFAE (inniúlachtaí na Comhairle) - agus ní Airteagal 43(2) CFAE (an gnáthnós imeachta reachtach) - an bunús dlí ceart i ndáil le leibhéal na cabhrach a shocrú;

– cuspóir agus raon feidhme na scéime: ar an mórgóir, d'aontaigh na toscaireachtaí faoin gcuspóir, is é sin na scéimeanna scoile a chumasc, d'fhonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht a mhéadú agus na creataí dlí agus airgeadais a chomhdhlúthú. Dhearbhaigh siad cuspóirí bunaidh na scéimeanna freisin i.e. caitheamh torthaí, glasraí agus bainne a chur chun cinn, agus béim á leagan acu ar na tairbhí do leanaí ó thaobh cothaithe de. Ar an taobh eile de, cé go raibh líon beag toscaireachtaí sásta tacú le smaoineamh faoi liosta teoranta de tháirgí incháilithe a bheith ann lena ndáileadh go tráthrialta, mar a mhol an Coimisiún, mheas cuid mhaith eile acu gur míshásúil an raon feidhme sin a bhí á mholadh agus b'fhearr leo an raon feidhme mar a bhí sa scéim atá ann cheana, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le táirgí déiríochta.

– forálacha maoinithe: cé go raibh bunáite na dtoscaireachtaí sásta tacú leis an líon iomlán a leithdháiltear sna "clúdaigh" airgeadais do thorthaí agus glasraí, bananaí, agus bainne, bhí neart plé ag teastáil i ndáil leis na critéir chun cabhair an Aontais a leithdháileadh. Chuir roinnt toscaireachtaí i gcoinne an chritéir maidir leis "an úsáid a baineadh as cistí faoi scéimeanna roimhe seo chun bainne agus táirgí bainne a sholáthar do leanaí" a bheith in úsáid chun an clúdach bainne a chinneadh. Mheas siad go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do na Ballstáit sin nár bhain tairbhe iomlán go dtí seo as an scéim bainne do scoileanna nó nach raibh a theist le tabhairt acu ó tharla gur le déanaí a tháinig siad isteach san Aontas Eorpach. Mar sin féin, mheas roinnt eile toscaireachtaí go raibh an critéar maidir leis an úsáid a baineadh as cistí roimhe seo ríthábhachtach lena áirithiú nach gcuirfí as d'fheidhmiú na scéime bainne do scoileanna ina mBallstáit féin.

Meastar go rachaidh Parlaimint na hEorpa i gceann a cuid oibre ar an togra go luath san fhómhar, tar éis shos na dtoghchán.

**An earnáil déiríochta amach anseo**

Rinne an Chomhairle machnamh ar thuarascáil ón gCoimisiún maidir le forbairt an mhargaidh san earnáil bainne. Foráiltear don tuarascáil sa "Phacáiste Bainne", a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2012 d'fhonn seasamh na dtáirgeoirí déiríochta a fheabhsú agus earnáil na déiríochta a ullmhú do 2015 nuair a bheidh deireadh leis an gcóras cuóta. (*10911/14*).

Ba dhíol sásaimh do thromlach na mBallstát an tuarascáil ón gCoimisiún, tuarascáil ina ndéantar measúnú go háirithe ar éifeachtaí fhorálacha an "Phacáiste Bainne" ar tháirgeoirí agus ar tháirgeadh bainne i réigiúin faoi mhíbhuntáiste agus lena gcuimsítear na dreasachtaí a d'fhéadfaí a thabhairt chun feirmeoirí a spreagadh le bheith páirteach i gcomhaontuithe táirgthe comhpháirteacha.

Tuairiscítear sa tuarascáil go bhfuil dea-bhail ar mhargadh bainne an Aontais faoi láthair agus go bhfuil cuma mhaith ar chúrsaí don mheántéarma in ainneoin go bhfuil baol ann maidir le an-luaineacht na bpraghsanna. Mhínigh an Coimisiún cén chaoi ar trasuíodh an "Pacáiste Bainne" sa reachtaíocht náisiúnta, rud a d'fhág i roinnt cásanna go raibh conarthaí éigeantacha ann idir feirmeoirí agus próiseálaithe nó cóid chleachtais i gcásanna eile. Tá critéir náisiúnta glactha ag nach mór gach Ballstát chun eagraíochtaí táirgeoirí a aithint. Rinne eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí comhchaibidlíocht a sheoladh faoin "Pacáiste Bainne". Is é conclúid na tuarascála, áfach, gur róluath atá sé fós chun éifeachtaí an "Phacáiste Bainne" ar earnáil an bhainne i réigiúin faoi mhíbhuntáiste a thuiscint.

Mheabhraigh an Coimisiún gur bunaíodh Faireachlann Eorpach um Margadh an Bhainne agus tá sí á cur chun feidhme ag seirbhísí an Choimisiúin faoi láthair chun uirlisí an "Phacáiste Bainne" a fhorlíonadh agus trédhearcacht a mhéadú san earnáil. Déanann an fhaireachlann seo monatóireacht ar an margadh sonrach sin. Is é is aidhm di uirlisí cainníochtúla agus cáilíochtúla a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíochta le go mbeidh siad in ann a gcuid feasachta faoin margadh a mhéadú agus chun cabhrú leo lena gcuid cinntí gnó.

Sa díospóireacht a lean an cur i láthair choinnigh na Ballstáit barúlacha éagsúla maidir le go bhféadfaí bearta breise "bogthuirlingt" a bheith i gceist i mbliain dheireanach chóras na gcuótaí. Cheap roinnt toscaireachtaí, agus an margadh ag déanamh go maith faoi láthair, go mbeadh gá le "bogthuirlingt" níos réidh a áirithiú sna Ballstáit uile, go háirithe sna Ballstáit atá i mbaol a gcuótaí náisiúnta bainne a shárú, trí bhíthin na gcomhéifeachtaí ceartúcháin saille a choigeartú. Bhí roinnt toscaireachtaí i gcoinne na hiarrata sin, áfach, agus chuir siad in iúl gur cheart na rialacha a leagadh síos in 2008 do dheireadh chóras na gcuótaí a chur i bhfeidhm go dian chun nach saobhfaí an iomaíocht san Aontas Eorpach.

I bhfianaise an méid thuas, níorbh fhéidir aon chonclúidí a ghlacadh maidir le hearnáil an bhainne, rud a d'fhág gur ag an Uachtaránacht nua a bheidh an rogha faoin gcaoi a ndéanfar an comhad sin a láimhseáil amach anseo.

**Cur chun feidhme an Chomhbheartais nua Talmhaíochta**

Phléigh na hairí a dtuairimí i dtaca leis an gcaoi ina mbeidh príomhghnéithe an Chomhbheartais nua Talmhaíochta (CBT) á gcur chun feidhme ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe i ndáil le híocaíochtaí díreacha (*10476/14*).

Glacadh creat rialála an Chomhbheartais nua Talmhaíochta ag deireadh na bliana seo caite. Tar éis idirthréimhse na bliana seo, beidh feidhm ag bunáite na mbeart dá bhforáiltear sa téacs ar fud an Aontais ón 1 Eanáir 2015.

Caithfidh na Ballstáit a gcuid cinntí a chur in iúl don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2014 i ndáil le roinnt príomhghnéithe i "Rialachán na n-Íocaíochtaí Díreacha" (Rialachán 1307/2013), lena ndéantar an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a athchóiriú, go háirithe cinntí maidir lena leanas:

– úsáid na gclúdach náisiúnta (e.g. na codanna a choinnítear don tacaíocht chúpláilte dheonach, scéim na bhfeirmeoirí óga agus limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, úsáid an tsásra chun neamhúsáid cistí a sheachaint agus an scéim shimplithe d'fheirmeoirí beaga);

– an rogha i leith cistí a aistriú idir dhá cholún an Chomhbheartais Talmhaíochta (mura ndearnadh an cinneadh sin a chur in iúl faoin 31 Nollaig 2013);

– laghdú iomlán na n-íocaíochtaí díreacha thar EUR 150 000 (i.e. go bhféadfaí dul thar an íosráta 5%);

– bunú scéim na híocaíochta bunúsaí (e.g. cur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, go bhféadfaí teidlíochtaí reatha a choinneáil);

– an rogha idir leanúint ar aghaidh leis an Scéim Íocaíochta Aonair Limistéir (SIAL) nó athrú chuig scéim nua na híocaíochta bunúsaí;

– luas agus rithim na coinbhéirseachta inmheánaí (bogadh i dtreo leibhéil ráta comhréidh d'íocaíochtaí díreacha ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach);

– an íocaíocht athdháilte a thabhairt isteach;

– cur i bhfeidhm forálacha áirithe maidir le glasú (e.g. na cineálacha limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht a bhfuil feidhm acu maidir lena gcríoch féin, cur i bhfeidhm na bhfachtóirí ualaithe, go bhféadfaí féarthailte buana a choinneáil);

Ó thaobh ghnéithe na solúbthachta i CBT nua de, is é an ceann is tábhachtaí an rogha i dtaca le cistí a athrú idir na colúin CBT. Léirigh roinnt Ballstát go bhfuil sé beartaithe acu feidhm a bhaint as an bhforáil sin. Roinnt acu, aistreoidh siad cistí ón 2ú colún chuig an 1ú cholún, agus déanfaidh roinnt eile acu na cistí a aistriú ina mhalairt treo.

Chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil siad ag fanacht i gcónaí ar fhreagracha ón gCoimisiún ar roinnt ceisteanna a bhaineann leis an "íocaíocht ghlas" a chur chun feidhme.

**Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí -** *Conclúidí ón gComhairle*

Ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún i ndáil le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, cistí oibríochtúla agus cláir oibríochtúla san earnáil torthaí agus glasraí ó cuireadh athchóiriú 2007 i bhfeidhm.

Sa tuarascáil ón gCoimisiún (*7312/14*) deirtear gur tháinig méadú, le hathchóiriú na bliana 2007, ar an gcion de luach iomlán tháirgeadh torthaí agus glasraí an Aontais Eorpaigh atá á chur ar an margadh ag eagraíochtaí táirgeoirí. Cuirtear in iúl ann freisin, áfach, go bhfuil leibhéal an eagrúcháin idir táirgeoirí fós íseal i roinnt Ballstát agus go bhfuil míchothromaíochtaí i leibhéal an eagrúcháin idir táirgeoirí i mBallstáit éagsúla agus i réigiúin éagsúla. Dá bhrí sin, creideann an Chomhairle gur cheart do na heagraíochtaí táirgeoirí atá ag feidhmiú i gcomhréir le cláir inbhuanaithe oibríochtúla faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leanúint de ról lárnach a imirt chun cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a bhaint amach d'earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú agus anailís a dhéanamh i dtaca le bunchúiseanna agus feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhbheartais a bhaint amach níos fearr san earnáil seo, agus, tar éis tréimhse sách fada den rialachán nua a bheith á chur chun feidhme, na tionscnaimh atá riachtanach a sheoladh, más iomchuí sin.

**IASCACH**

**Togra le haghaidh rialacháin maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír**

Bhreithnigh na hairí an t-ullmhúchán a rinneadh chun go nglacfadh an Chomhairle a seasamh maidir le togra le haghaidh rialacháin i ndáil leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír (nó rialachán "Omnibus") (*18021/13*).

Agus tacaíocht ghinearálta á tabhairt don chomhréiteach ón Uachtaránacht, d'fhonn an obair a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana, chuir roinnt Ballstát tuairimí éagsúla in iúl faoi roinnt ceisteanna a bhí gan réiteach, lena n-áirítear íosmhéideanna tagartha caomhnaithe (ITCanna) a dhíothú do speicis pheiligeacha san Atlantach Thoir-Thuaidh agus díolúintí a thabhairt isteach d'orgánaigh mhuirí róbheaga.

Mhol an Coimisiún an rialachán "Omnibus" lena gcabhrófaí le cur chun feidhme amach anseo an choisc ar ábhar muirí a aischur, mar a comhaontaíodh in athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh (CI). Is réiteach sealadach agus práinneach é an togra seo, ar gá é a ghlacadh faoi dheireadh na bliana. Is éard atá ann sraith de leasuithe ar roinnt rialachán lena mbunaítear bearta teicniúla iascaigh agus rialacha um rialú d'earnáil an iascaigh. Tá an Chomhairle i mbun a seasamh a ullmhú d'fhonn caibidlíocht a thosú le Parlaimint na hEorpa sa dara leath den bhliain seo. Is é is aidhm dó sin go nglacfar an rialachán faoi dheireadh 2014.

Ceann de phríomhchuspóirí an athchóirithe ar an gComhbheartas Iascaigh mar atá sé faoi láthair is ea deireadh a chur de réir a chéile le haischur ábhair mhuirí in iascach uile AE trí oibleagáid a thabhairt isteach maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír (Airteagal 15 de Rialachán 1380/2013[1]). Ceapadh é sin ionas go mbainfear úsáid níos fearr as na hacmhainní atá ar fáil, agus go sásófar mian an phobail maidir le deireadh a chur leis an gcleachtas éisc indíolta a chaitheamh ar ais san fharraige. Aithnítear leibhéil arda d'aischur ábhair mhuirí mar chúis mhór amháin go bhfuil easpa inbhuanaitheachta comhshaoil ag baint leis an gComhbheartas Iascach.

Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a thabhairt isteach go céimnitheach, agus an 1 Eanáir 2015 mar dháta tosnaithe don chur chun feidhme. Chun an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chur ar bhonn oibríochtúil, forálacha áirithe sna rialacháin atá ann faoi láthair maidir le bearta teicniúla, bearta bainistithe agus rialú, ar forálacha iad atá ar neamhréir leis an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus a chuireann iallach ar iascairí iasc a aischur, ní mór fáil réidh leis na forálacha sin nó iad a leasú. Tá sé cinnte, áfach, nach mbeidh an creat nua seo i bhfeidhm in am chun go mbeidh an chéad ghrúpa iascach á gcumhdú faoin oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír. Teastaíonn reachtaíocht, dá bhrí sin, ar bhonn idirthréimhseach, chun fáil réidh le haon bhacainní praiticiúla nó dlíthiúla ar chur chun feidhme, agus an creat nua sin á fhorbairt.

[1] IO L354, 28.12.2013, lch. 22

Ó thaobh beart teicniúil de, tá roinnt forálacha sna rialacháin atá ann faoi láthair atá ar neamhréir leis an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus cuirtear iallach ar iascairí ábhair mhuirí a aischur. Ciallaíonn sin nach mór leasú a dhéanamh ar íosmhéideanna na n-iasc a cheadaítear a thabhairt i dtír, ar rialacha maidir le comhdhéanamh gabhálacha, agus ar fhorálacha d'fho-ghabhálacha. Ní mór córas rialaithe AE lena n-áirithítear go gcomhlíonfar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a thabhairt i gcomhréir leis an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

Ós rud é gur in 2015 a thiocfaidh an chéad ghrúpa iascach faoi réir na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, ba cheart na forálacha ábhartha sna rialacháin maidir le bearta teicniúla, bearta bainistithe agus bearta rialaithe a leasú leis an rialachán seo chun a áirithiú go gcuirfear deireadh go tráthúil leis na bacainní dlíthiúla atá ann i dtaca le cur i bhfeidhm na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

**Cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh: pleananna maidir le hábhair mhuirí a aischur**

Chuir an Coimisiún doiciméad ar fáil don Chomhairle agus cuireadh in iúl ann an staid chun dáta maidir le hullmhú phleananna na mBallstát i dtaca le héisc a aischur. Baineann sin le gníomhartha tarmligthe bainteacha a ullmhú, atá le glacadh faoi dheireadh 2014 (*10217/14*). Le linn an chruinnithe sin, chuir na hairí barúlacha in iúl i dtaca leis an staid mar atá i ndáil le hullmhú na bpleananna reatha maidir le haischur ábhar muirí le go ndéanfar an taithí a fuarthas sa dea-chleachtas a mhalartú agus an fhaisnéis a chomhroinnt maidir leis na príomh-shaincheisteanna agus na príomhúdair imní (*10872/14*).

Ba dhíol sásaimh d'airí na mBallstát a bhfuil cathaoirleacht á deanamh iontu faoi láthair ar na meithleacha réigiúnacha ullmhúchán an phlean maidir le haischur ábhar muirí, plean a comhaontaíodh maidir le himchuacha na farraige (mar shampla: an réigiún Baltach, an Mhuir Thuaidh, an Mheánmhuir, Uiscí an Iardheiscirt). I bhformhór na gcásanna, tá na pleananna sin le cur ar aghaidh chuig an gCoimisiún go luath. Leagtar amach iontu moltaí go n-iompóidh an Coimisiún go dtí dlíthe AE iad trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh roimh dheireadh na bliana. D'aithin roinnt mhaith toscaireachtaí breisluach san obair a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis na stoic éisc agus lena mbaineann oibreoirí gairmiúla. Chuir roinnt Ballstát i bhfáth áfach gur gá bealaí cur chuige coiteanna a ghlacadh maidir leis na moltaí réigiúnacha éagsúla chun go seachnófar neamhréitigh.

Tharraing na toscaireachtaí roinnt príomhcheisteanna anuas freisin a tháinig chun cinn agus na pleananna á n-ullmhú maidir le hábhar muirí a aischur. Áirítear orthu sin:

– an gá lena chinneadh an bhféadfaí na bearta teicniúla a áireamh ar na pleananna réigiúnacha maidir le hábhar muirí a aischur;

– an gá leis an léirmhíniú ar an riail *de minimis* atá sa Bhun-Rialachán a shoiléiriú agus a chomhchuibhiú;

– réitigh chun éisc a bhfuil dochar déanta dóibh a láimhseáil.

Leis an gComhbheartas Iascaigh nua, is ar bhonn céimnitheach a thugtar isteach oibleagáid do gach iascach i dtaca le gabhálacha a thabhairt i dtír (féach an pointe roimhe seo). An 1 Eanáir 2015, is mar a leanas a bheidh iascach (in uiscí de chuid AE) faoi réir na hoibleagáide maidir le teacht i dtír: iascach iasc beag peiligeach, iascach iasc mór peiligeach, iascach tionsclaíoch, iascach bradán agus iascach sa Mhuir Bhailt.

Tá roinnt forálacha sa Chomhbheartas Iascaigh nua a ceapadh chun go n-éascófar cur chun feidhme na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír. Áirítear orthu forálacha ginearálta solúbthachta ar féidir leis na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs bhainistiú bliantúil a gcuótaí náisiúnta. Sa bhreis air sin, le CBI nua foráiltear d'uirlisí sonracha solúbthachta a úsáidtear i bpleananna ilbhliantúla, nó in éagmais pleananna ilbhliantúla, i bpleananna maidir le haischur mar a thugtar orthu (cuirtear teorainn 3 bliana ar bhailíocht na bpleananna). Is ionann na huirlisí solúbthachta sin agus:

– díolúintí do speicis a mbíonn ráta ard marthanachta acu nuair a chuirtear ar ais san fharraige iad;

– díolúintí *de minimis*, faoi choinníollacha áirithe, de suas le 5% de ghabhálacha bliantúla iomlána (le féidearthacht go mbeadh céatadán níos airde ann sa chéad ceithre bliana).

**Aon ghnó eile**

– ***Tásc ar thionscnamh feola***

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2014 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme 1337/2013[1] ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011[2] maidir le tásc na tíre tionscnaimh nó tásc na háite bunáitíochta i dtaca le feoil úr, fhuaraithe nó oighrithe ó mhuca, chaoirigh, ghabhair nó éinfheoil (*10857/14*). ) Thairis sin, mhínigh sé an méid is cúis lena Rialachán Cur Chun Feidhme a bheith ar an toradh is fearr is féidir.

Thacaigh roinnt Ballstát leis an gCoimisiún. Níor chomhaontaigh siad an Rún ó Pharlaimint na hEorpa agus dúirt siad go mbeadh sé thar a bheith deacair agus an-chostasach rialacha a bheadh coibhéiseach leis na rialacha is infheidhme maidir le mairteoil a chur i bhfeidhm ar mhuiceoil, chaoireoil, fheoil ghabhair nó éinfheoil.

**1** Rialachán (AE) cur chun feidhme 1337/2013 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2013 lena leagtar síos rialacha do chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásc na tíre tionscnaimh nó tásc na bunáitíochta i dtaca le feoil úr, fhuaraithe nó oighrithe ó mhuca, chaoirigh, ghabhair nó éinfheoil.

**2** IO L304, 22.11.2011, lch.18

Nuair a pléadh Rialachán 1169/2011 maidir le Lipéadú Bia in 2010, aontaíodh go mbeadh measúnuithe tionchair breise ag teastáil i ndáil le tásc éigeantach na tíre tionscnaimh nó na bunáitíochta i dtaca le muiceoil, caoireoil, feoil ghabhair nó éinfheoil neamhphróiseáilte. Bheadh ar an gCoimisiún, i ndiaidh measúnaithe den sórt sin, tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na roghanna a ghabhann le tásc tionscnaimh na mbianna sin, go háirithe maidir le háit bhreithe na n-ainmhithe, áit a dtógáil agus áit a marú. Ina leith sin, tugadh sainordú don Choimisiún le Rialachán 1169/2011 na rialacha is gá a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme. Ar an mbonn sin, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 1337/2013, lena bhforáiltear do chur in iúl éigeantach ag an mBallstát nó ag an tríú tír maidir le tógáil agus marú " ainmhithe.

I Rún a glacadh an 6 Feabhra 2014, chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gur sháraigh an Coimisiún na cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh faoi Rialachán 1169/2011 agus d'iarr sí ar an gCoimisiún rialachán nua a tharraingt suas. Ba cheart go gcuirfí na rialacha céanna i bhfeidhm ar na bianna i gceist leis an Rialachán seo is atá infheidhme maidir le mairteoil: tásc na háite breithe, tógála agus maraithe, agus aon mhaolú á eisiamh maidir le feoil mhionaithe agus scotháin.

– ***Iarmhairtí stoirmeacha ar fhoraoisí***

Arna iarraidh sin do thoscaireacht na Slóvaice, bhreithnigh an Chomhairle an staid dheacair ina bhfuil earnáil na foraoiseachta de dheasca na stoirmeacha a bhuail an tír sin i lár mhí na Bealtaine i mbliana (*10765/14*).

Bhí báisteach throm agus gaotha láidre ar fud Phoblacht na Slóvaice an 14 agus an 15 Bealtaine. Ithir agus corónacha crainn a bhí sáithithe le huisce báistí i dteannta luasanna arda gaoithe, rinne siad dochar forleathan do chrainn agus díobháil fhorleathan d'fhoraoisí ar fud limistéar mór sa tír.

D'aithin an Coimisiún gur féidir leis an tSlóvaic cur isteach ar chúnamh airgeadais a fháil ó chiste dlúthpháirtíochta AE, agus chuir sé in iúl gurb ann do roghanna eile. Áiríodh orthu siúd bearta sonracha i gcláir forbartha tuaithe agus deontais i bhfoirm státchabhrach le haghaidh chosaint na bhforaoisí.

– ***Comhdháil maidir le tacaíocht eolaíoch don talmhaíocht***

Chuir an Uachtaránacht príomhthorthaí comhdhála ardleibhéil faoi bhráid na nAirí, ar comhdháil í dar teideal "Tacaíocht eolaíoch don talmhaíocht: iomaíochas, cáilíocht agus inbhuanaitheacht" a bhí ar siúl san Aithin an 23 Aibreán 2014 (*10874/14*).

Tá gá le táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú amach anseo chun go n-áiritheofar slándáil an tsoláthair bhia do dhaonra atá ag méadú. Tá gá leis an táirgiúlacht bhithmhaise a mhéadú freisin chun go soláthrófar fuinneamh agus táirgí tionsclaíocha. Tá gá le haghaidh a thabhairt ar an dá dhúshlán sin, le feasacht ar an neamhchinnteacht a bhíonn ann mar thoradh ar thionchar an athraithe aeráide agus le feasacht ar an éifeacht a bhíonn aige agus le feasacht ar an gcaoi a nglactar leis i gcoitinne nach mór méadú na talmhaíochta a bhaint amach trí chur chuige lena gcuirtear san áireamh cosaint an chomhshaoil agus na n-acmhainní nádúrtha.

Ba iad Uachtaránacht na Gréige agus Ionad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC) a d'eagraigh an chomhdháil le chéile. Ba é aidhm na comhdhála díospóireacht a spreagadh agus feabhas a chur ar an tuiscint eolaíochtbhunaithe atá ann maidir leis na dúshláin sin.

– ***Uasteorainneacha astaíochta do thruailleáin áirithe san aer***

D'iarr toscaireacht na hUngáire ar an gCoimisiún, le tacaíocht ón mBeilg, ón Eastóin, ón gCróit, ó Phoblacht na Slóvaice agus ón Laitvia tuairisciú rialta a dhéanamh chuig an gComhairle Talmhaíochta maidir leis an "Pacáiste Beartas d'Aer Glan" agus maidir leis na huasteorainneacha náisiúnta astaíochtaí do thruailleáin áirithe san aer ("an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta") (*10633/14*). Tíolacadh an chéad tuarascáil maidir leis an tsaincheist sin ag an gComhairle Talmhaíochta a tionóladh i mí na Nollag 2013.

Chomhaontaigh roinnt toscaireachtaí, in éineacht leo siúd a thacaigh leis an iarraidh ón Ungáir ar dtús, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfaí a imirt ar an talmhaíocht leis an togra sin gur cheart go gcuirfí an Chomhairle Talmhaíochta ar an eolas, ar bhonn rialta, maidir leis an gcomhad sin, a mbíonn an Chomhairle Comhshaoil ag plé leis.

Thíolaic an Coimisiún an "Pacáiste Beartas d'Aer Glan" i mí na Nollag 2013. De réir an togra nua, shocrófaí oibleagáidí náisiúnta nua ó 2020 ar aghaidh agus ó 2030 ar aghaidh i dtaca le laghdú astaíochtaí de dhé-ocsaíd sulfair, d'ocsaídí de nítrigin, de chomhdhúil sho-ghalaithe orgánach gan mheatán, d'ábhar cáithníneach sármhín amóinia (AC2.5) agus de mheatán. Tá na hoibleagáidí laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach sa togra thuas thar a bheith ábhartha don earnáil talmhaíochta. Tá feidhm aige sin maidir le laghdú na hamóinia agus an mheatáin go háirithe, ós rud é go mbeadh éifeacht shuntasach ag uasteorainneacha astaíochta ar thalmhaíocht an Aontais Eorpaigh ina hiomláine.

– ***Sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, margadh na síolta agus rialuithe***

Thíolaic an Uachtaránacht a tuarascáil ar dhul chun cinn don Chomhairle, ar tuarascáil í maidir leis na tograí sa phacáiste le haghaidh sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus rialuithe (*10629/14*) agus dhírigh sí go speisialta ar an togra maidir le hábhar atáirgthe plandaí (*10618/14*).

Maidir leis an togra le haghaidh sláinte plandaí, ní raibh barúlacha na dtoscaireachtaí ag luí le chéile ar aon chuma maidir le cur chuige i leith allmhairithe plandaí a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe. Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an togra ón gCoimisiún lena gcuirtear córas "oscailte" agus liosta diúltach chun cinn (i.e. is féidir na plandaí uile agus na táirgí planda uile nach luaitear sa liosta a allmhairiú go neamhshrianta). Ba mhaith le roinnt Ballstát, áfach, an straitéis a aisiompú agus b'fhearr leo córas "dúnta" agus liosta dearfach (is iad na plandaí/ na táirgí planda a luaitear sa liosta agus iad siúd amháin a fhéadtar a allmhairiú go neamhshrianta).

An 11 Márta 2014, dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa, ar an gcéad léamh, don togra maidir leis an gcóras AE d'ábhar atáirgthe plandaí. I bhfianaise an méid sin, bhailigh an Uachtaránacht tuairimí na mBallstát maidir le togra athbhreithnithe ón gCoimisiún a d'fhéadfadh a bheith ann lena léireofaí ollstruchtúr nua le haghaidh an Rialacháin. Thacaigh roinnt mhaith toscaireachtaí le treoshuíomh na hUachtaránachta. Ina theannta sin, dúirt roinnt Ballstát gur cheart go ndéanfaí na rialacha a mhaolú leis an Rialachán sin nó go ndéanfaí roinnt díolúintí leis d'ábhar atáirgthe foraoiseachta nó d'oibreoirí neamhghairmiúla ionas go ndéanfar an nós imeachta a shimpliú.

Is é is aidhm don phacáiste beart sin forghníomhú caighdeán sláinte agus sábháilteachta a neartú don slabhra agraibhia iomlán. Is éard atá sa phacáiste moltaí le haghaidh rialachán:

– chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála maidir le **sláinte plandaí**;

– chun sláinte, aitheantas agus cáilíocht **ábhair atáirgthe plandaí** a áirithiú;

– chun an corpas reachtaíochta lena rialaítear **sláinte ainmhithe** a shimpliú;

– chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le **rialuithe oifigiúla** feadh an bhiashlabhra agus iad a shoiléiriú;

– chun caiteachas a bhainistiú trí **chomhchreat airgeadais do bhia agus beathú** lena nuashonraítear na forálacha airgeadais atá ann cheana.

Tá ceann de rialacháin an phacáiste seo glactha cheana ag an gComhairle (an 8 Bealtaine 2014), ar rialachán é lena leagtar síos forálacha le haghaidh bhainistiú an chaiteachais i dtaca leis na bearta arna moladh tar éis comhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa (PE-CONS 24/14).

Tosaíodh an obair ar an bpacáiste sin sa Chomhairle i mí an Mheithimh na bliana seo caite.

– ***Leas a bhaint as frithmhiocróbáin i dtógáil ainmhithe feirme***

D'iarr toscaireachtaí na Sualainne agus na Danmhairge ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí éagsúla a liostaítear ina phlean gníomhaíochta i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne leathadh na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach (*10828/14*).

Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an iarraidh agus mhínigh siad na céimeanna a ghlac siad ar a gcuid críoch cheana. Chuir an Coimisiún in iúl go gcuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn i láthair faoi dheireadh na bliana seo agus go suífear inti an chaoi ina raibh an plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm. Thairis sin, tá an Coimisiún chun tograí a thíolacadh go luath le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le cógais tréadliachta agus ábhar beathúcháin íocleasaithe. Ina theannta sin, tá treoirlínte le teacht i dtaca le frithmhiocróbáin tréadliachta a úsáid.

Is bagairt shuntasach maidir le húsáid frithmhiocróbáin atá bunriachtanach chun galair i ndaoine agus in ainmhithe a chóireáil forbairt agus leathadh na dtréithchineálacha baictéaracha atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

Tá an fhadhb sin aitheanta ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa araon, agus tá roinnt céimeanna tábhachtacha glactha ag an gCoimisiún i dtaca le míochaine daonna agus le feirmeoireacht ainmhithe araon. Mar shampla, tá an reachtaíocht rialaithe treisithe aige, tá moltaí déanta aige maidir le húsáid agus tuairisciú antaibheathach, agus tá cistí infheistithe i dtaighde aige maidir le drugaí nua. Cé gur oiriúnach na bearta a rinneadh go n-uige seo, níor srianadh leo bagairt mhéadaitheach na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach. Dá bhrí sin, sheol an Coimisiún plean gníomhaíochta chúig bliana i bhfómhar na bliana 2011 ina leagtar amach dhá cheann dhéag de bhearta sonracha chun cosc a chur ar theacht chun cinn agus leathadh na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach.

– ***Bainistiú caibeallán - an staid mar atá***

Chuir toscaireacht na Danmhairge an Chomhairle ar an eolas maidir leis an ngá atá le gabháil iomlán incheadaithe (TAC) a bhunú do chaibeallán don bhliain 2014.

Tá tábhacht ar leith ag roinnt leis an tsaincheist sin i gcás na Danmhairge, arb í an príomh-gheallsealbhóir í in iascaigh na gcaibeallán. Cuirtear tús le séasúr iascaireacht na gcaibeallán an 20 Meitheamh de ghnáth siocair go bhfuil saolré ghearr ag an speiceas sin. Cuirtear an chomhairle eolaíoch maidir leis an stoc sin ar fáil de ghnáth díreach roimh thús an tséasúir iascaireachta ach is idir an tAontas Eorpach, an Ghraonlainn agus an Íoslainn a chomhroinntear bainistiú an stoic éisc áirithe seo. An bhliain seo foilsíodh an chomhairle eolaíoch do 2014 an 7 Bealtaine. Is le déanaí a thíolaic údarás na Graonlainne an tairiscint caibealláine don Aontas Eorpach. Leis an méid sin beifear in ann cinneadh sonrach a ullmhú agus a ghlacadh maidir leis an tsaincheist sin.

## ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

### *TALMHAÍOCHT*

**Trádáil táirgí orgánacha - Caibidlíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht maidir leis na comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha i dtaca le trádáil táirgí orgánacha. Ba cheart, leis sin, gur fearr amach anseo an chothromaíocht a ghabhfadh leis an gcaibidlíocht sin, atá bunaithe i láthair na huaire ar choibhéis aontaobhach. Leis an gcóras atá ann faoi láthair aithníonn an tAontas Eorpach caighdeáin tríú tíortha do tháirgí orgánacha mar chaighdeáin choibhéiseacha gan aon chómhalartacht i dtaca le táirgí orgánacha AE a onnmhairítear go dtí na tíortha sin.

Léiríodh san athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar chreat dlíthiúil earnáil an táirgthe orgánaigh go bhfuil easnaimh sa scéim aitheantais atá ann i láthair na huaire i dtaca le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha chun críche coibhéise.

Sna Conclúidí de chuid na Comhairle a tháinig as 3237ú cruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh maidir le feirmeoireacht orgánach, spreag an Chomhairle an Coimisiún chun feabhas a chur ar na sásraí atá ann i láthair na huaire lena n-éascaítear trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí orgánacha agus spreag sí é chun cómhalartacht agus trédhearcacht a cheangal in aon chomhaontuithe trádála a dhéanfar. Iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an nós imeachta allmhaire go láidir agus nach mbeidh oibreoirí an Aontais Eorpaigh thíos dá bharr.

Chuir an Coimisiún Rialachán 442/2014 i bhfeidhm ar bhonn sealadach go dtí an 1 Iúil 2014 maidir le hiarratais ar thríú tír a áireamh i liosta na dtríú tíortha a aithnítear chun críche coibhéise maidir le táirgí orgánacha a allmhairiú. Leis an gcinneadh a glacadh inniu áiritheofar an leanúnachas agus cuirfear ar chumas an Choimisiúin comhaontuithe a chaibidliú i ndiaidh an dáta sin idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha.

### *GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

**Comhaontuithe Comhlachais leis an tSeoirsia agus le Poblacht na Moldóive**

D'fhormheas an Chomhairle síniú agus cur i gcríoch na gComhaontuithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia agus idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive chomh maith. D'fhormheas sí cur i bhfeidhm sealadach an dá Chomhaontú Comhlachais freisin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an preasráiteas.

**Tacaíocht airgeadais AE chuig Údarás na Palaistíne**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas maidir leis an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar thacaíocht dhíreach airgeadais ón Aontas chuig Údarás na Palaistíne:

"1. Is díol sásaimh don Chomhairle tuarascáil Uimh.14/2013 ón gCúirt Iniúchóirí a foilsíodh an 11 Nollaig 2013 ar Thacaíocht Dhíreach Airgeadais ón Aontas chuig Údarás na Palaistíne trí shásra PEGASE, ar a bhfuil dianscrúdú déanta aici.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe an Chonclúid ón gCúirt gur éirigh le seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS tacaíocht dhíreach airgeadais a chur chun feidhme in ainneoin dálaí a bhí achrannach, go bhfuil na nósanna imeachta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm stóinsithe agus nach bhfuil aon fhianaise ann i leith caimiléireachta, míbhainistithe ná sraonadh cistí.

3. D'aontaigh an Chomhairle gur éirigh le PEGASE cur ar bhealach suntasach leis an ullmhúchán do réiteach dhá stát, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais i bPróiseas Síochána an Mheánoirthir. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an chonclúid ón gCúirt gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt gnéithe de shásra PEGASE lena inbhuanaitheacht a chinntiú. D'fhéadfaí féachaint freisin ar mheasúnuithe sonracha riosca, seachas na critéir incháilitheachta.

4. Agus barúlacha na Cúirte á gcur san áireamh aici, leag an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dálaí polaitiúla casta achrannacha a aithint i dtaca leis an gcomhar idir AE agus Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear comhthéacs fhorghabháil Iosrael, easpa cumhachtaí rialtais stáit go dtí seo ag Údarás na Palaistíne agus easpa caidrimh pholaitiúil idir an tAontas agus na húdaráis de facto atá i gceannas ar Stráice Gaza, ar cuid den chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil é.

5. Tugann an Chomhairle dá haire an méid atá molta ag an gCúirt. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil formhór na moltaí ón gCúirt á gcur chun feidhme cheana féin. Tugann an Chomhairle dá haire go ndéanann seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin athbhreithniú ar shásra PEGASE ar bhonn rialta, agus athruithe ar an láthair á gcur san áireamh. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil na céimeanna riachtanacha tógtha ag an gCoimisiún chun costais riaracháin PEGASE a ísliú, lena n-áirítear trí úsáid tairiscintí iomaíocha. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na moltaí chun sásra PEGASE a nascadh níos dlúithe le Plean Gníomhaíochta um Beartas Comharsanachta na hEorpa idir an tAontas agus Údarás na Palaistíne, a glacadh in 2013.

6. Maidir le saincheist na státseirbhíseach sin in Gaza nach féidir leo oibriú de thoradh na dála polaitiúla, chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil sé tábhachtach go polaitiúil leanúint de thacú le cinneadh Údarás na Palaistíne a oibrithe i Stráice Gaza a íoc mar ghné lárnach chun láithreacht Údarás na Palaistíne in Gaza a chothabháil agus mar ghné lárnach d'aontacht Stát na Palaistíne amach anseo. Thug an Chomhairle dá haire gur aontaigh seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin dul i mbun plé le hÚdarás na Palaistíne chun teacht ar réiteach a chuirfeadh san áireamh na hábhair is imní don Chúirt fad agus a ligfeadh sé d'Údarás na Palaistíne leanúint de bheith ag tacú lena fhostaithe in Gaza. Chuir an Chomhairle in iúl go láidir gur gá athchóirithe a dhéanamh nuair is féidir agus é á aithint aici go bhfuil sé tábhachtach measúnú cúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí polaitiúla a bhaineann le haon athruithe a dhéanfaí ar an gcleachtas reatha.

7. Maidir le coinníollacht, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil tábhacht lárnach ag baint le táscairí feidhmíochta a thabhairt isteach sna réimsí a mhol an Chúirt, ag cur san áireamh nach bhfuil go leor do na gnéithe atá ag teastáil chun na táscairí sin a chomhlíonadh faoi smacht ag Údarás na Palaistíne. Chuige sin, tá an Chomhairle ar aon intinn le seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin gur gá na dálaí achrannacha uathúla ina gcuirtear chun feidhme an clár a chur san áireamh. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil tacaíocht chuimsitheach á tabhairt cheana féin ag an gCoimisiún d'Údarás na Palaistíne dá athchóiriú ar an státseirbhís, i gcomhréir le moltaí na Cúirte. Chuige sin, iarrann an Chomhairle ar Údarás na Palaistíne dlús a chur leis na hathchóirithe ar a státseirbhís, brú ar aghaidh le hathchóirithe i mbainistiú airgeadais phoiblí agus leanúint leis an idirphlé leis an Aontas Eorpach agus le deontóirí eile i meithleacha na hearnála ábhartha.

8. Aithníonn an Chomhairle freisin go ndearna seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin iarracht ghníomhach an comhar le hIosrael a chinntiú agus tacaíocht dhíreach airgeadais ón Aontas chuig Údarás na Palaistíne á cur chun feidhme acu agus iarrann sí ar Údaráis Iosrael céimeanna a ghlacadh le go mbeadh cúnamh airgeadais an Aontais níos éifeachtaí."

**Gníomhaíocht in aghaidh mianach frithphearsanra**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí a leanas i dtaca leis an tríú comhdháil athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú ("Coinbhinsiún Ottawa"):

"1. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas bonn ar aon le chéile faoi na cuspóirí a shaothrú maidir leis an gCoinbhinsiún ar Mhianaigh Fhrithphearsanra a Thoirmeasc, agus 28 mBallstát uile an Aontais ina Stáit is Páirtithe anois, agus gur thacaigh an tAontas agus a chuid Ballstát riamh anall le mianaigh a ghlanadh agus le mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a dhíothú, chomh maith le fóirithint ar íospartaigh na mianach frithphearsanra.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Mianaigh Fhrithphearsanra a reáchtálfar an 23-27 Meitheamh 2014 i Mapútó, Mósaimbíc. Cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil dóchas aici go n-éireoidh leis an gcomhdháil seo agus go ndéanfar ár dtiomantas comhpháirteach a athdhearbhú tuilleadh chun an fhulaingt a leanann úsáid mianach frithphearsanra ar fud na cruinne a dhíothú.

3. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún tar éis gealltanas a thabhairt gan mianaigh fhrithphearsanra a úsáid i gcás ar bith. Sa chomhthéacs sin, achainíonn an tAontas Eorpach ar gach gníomhaí, idir ghníomhaithe Stáit agus eile, staonadh ó mhianaigh fhrithphearsanra a úsáid.

4. Meastar don Chomhairle freisin gur deis í an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin chomh maith chun teacht ar chomhaontú faoi phleananna nithiúla agus faoi thacar gníomhaíochtaí réalaíocha lena áirithiú go ndéanfar níos mó dul chun cinn sa chéad chéim eile maidir le forálacha agus cuspóirí an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme, agus a bhfuil bainte amach aige chomh maith leis na dúshláin nua á gcur san áireamh.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas Eorpach go diongbháilte leis na Stáit is Páirtithe agus an Coinbhinsiún sin á chur chun feidhme ina iomláine ar bhealach éifeachtach acu, agus go bhfuil sé tiomanta uilíochas an Choinbhinsiúin a chur chun cinn, go gcuirfidh sé acmhainní ar fáil chun gníomhaíocht maidir le mianaigh a mhaoiniú, agus cuidiú sonrach inbhuanaithe d'íospartaigh na mianach frithphearsanra, dá dteaghlaigh agus dá bpobail. Sa chomhthéacs sin meabhraíonn sí Cinneadh 2012/700/CBES ón gComhairle a glacadh an 13 Samhain 2012 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Cartagena a chur chun feidhme.

6. Tá rannchuidiú de bhreis is 500 milliún Euro déanta ag an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát ó tionóladh an Coinbhinsiún Athbhreithniúcháin deireanach in Cartagena, an Cholóim, ar ionann é agus os cionn aon trian de chúnamh airgid an domhain a shanntar do ghníomhaíochtaí i leith na mianach, rud a cháilíonn an tAontas agus a Bhallstáit mar na deontóirí is mó sa réimse sin. Is de thoradh ar thacaíocht ón Aontas a maolaíodh go mór ar chásanna achrannacha i dtíortha éagsúla. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil 89 milliún Euro caite le deich mbliana anuas ag institiúidí an Aontais i gcás na hAfganastáine, mar shampla, ag cuidiú le cois na gcistí a sholáthraigh Ballstáit aonair agus comhaltaí eile de chuid an phobail idirnáisiúnta, le glanadh a dhéanamh ar 78% de loig mhianach na hAfganastáine agus le cumas rialtas na hAfganastáine chun dul i ngleic le hiarmhairtí millteacha na mianach frithphearsanra.

7. Leagann an Chomhairle béim ar na dlúthnaisc atá idir í agus an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas lena gcuirtear creat níos leithne ar fáil chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais daoine a d'fhulaing pléascanna ó mhianaigh fhrithphearsanra, chun a gcearta polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaint amach agus meas ar a ndínit bhunúsach a áirithiú.

8. Molann an Chomhairle do gach Stát is Páirtí coinneáil orthu ag oibriú de mheon an chomhair le linn an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin, agus fís an Choinbhinsiúin á meabhrú acu i gcónaí deireadh lom a chur leis an bhfulaingt agus leis na taismigh a chuireann mianaigh fhrithphearsanra faoi deara. Beidh cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mapútó, atá le glacadh ag an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin, ag brath ar éifeachtacht struchtúir oibre an Choinbhinsiúin chomh maith le trédhearcacht agus tuairisciú ó Stáit is Páirtithe agus ar a rannpháirtíocht iomlán. Beidh sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach agus ag a Bhallstáit go bhfeidhmeoidh na struchtúir sin ar bhealach fónta. Beidh a bhfeidhmíocht ag brath ar thoilteanas agus éifeachtúlacht a gcuid comhaltaí. Ciallaíonn éifeachtúlacht freisin go ndéanfar costais na gcruinnithe éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a bharrfheabhsú agus a gcuid sceideal a chuíchóiriú.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais leanúint dá thacaíocht do na Stáit is Páirtithe agus an Coinbhinsiún á chur chun feidhme acu lena áirithiú gur féidir linn oibriú go héifeachtach d'fhonn cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach a threisíonn an cultúr comhpháirtíochta agus comhair atá seanbhunaithe idir na Stáit is Páirtithe, na Náisiúin Aontaithe, eagraíochtaí ábhartha eile idirnáisiúnta nó institiúidí, eagraíochtaí réigiúnacha, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, agus eagraíochtaí ábhartha neamhrialtasacha. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm go huilíoch, agus é ag tathaint ar na Stáit sin nach Páirtithe iad cloí le noirm aonair an Choinbhinsiúin. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhoibriú leis na Stáit sin ar Páirtithe iad agus cúnamh a thabhairt dóibh sin is mó a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu, más féidir, chun a ngealltanais faoin gCoinbhinsiún a chomhlánú agus tacú freisin leis na Stáit sin nach Páirtithe iad fós sa Choinbhinsiún ach a thacaíonn go mór le gníomhaíochtaí i leith na mianach; leanfar den obair sin a dhéanamh i gcomhar le deontóirí eile agus i ndlúthchomhar leis na tíortha lena mbaineann."

## ***GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS***

### Iniúchóir seachtrach Bhanc Mhálta

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena bhformheastar PricewaterhouseCoopers a cheapadh mar iniúchóir seachtrach ar Bhanc Ceannais Mhálta do na blianta airgeadais 2014 go 2018.

## ***CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE***

### Europol - Montainéagró

Ghlac an Chomhairle an dréacht-chomhaontú maidir le Comhar Oibríochtúil agus Straitéiseach idir Montainéagró agus an Oifig Eorpach Póilíní (*9090/14*), d'fhonn go bhféadfadh Europol an comhaontú a thabhairt i gcrích.

***<u>DLÍ AN BHIA</u>***

**Comhaltaí bhord bainistithe EFSA**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lenar ceapadh an seachtar seo a leanas mar chomhaltaí de bhord bainistithe an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) don tréimhse ón 1 Iúil 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2018 (*9323/14*):

Stella CANNA MICHAELIDOU

Iňaki EGUILEOR

Jan MOUSING

Raymond O'ROURKE

András SZÉKÁCS

Robert Van GORCOM

Pieter VANTHEMSCHE.

Tá taithí ag an Uasal O'Rourke ar bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thomhaltóirí, agus tá taithí ag an Uasal Mousing agus ag an Uasal Vanthemsche ar bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do pháirtithe leasmhara eile i slabhra an bhia. Is comhaltaí cheana féin de bhord bainistithe EFSA iad gach duine den triúr.

I Rialachán 178/2002 lena mbunaítear EFSA, foráiltear go mbeidh 14 chomhalta ar an mbord bainistithe agus go gcaithfidh taithí bheith ag ceathrar acu sin ar bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile i slabhra an bhia. Rachaidh téarma oifige seachtar comhalta in éag an 30 Meitheamh. Tá taithí ag triúr acu sin ar bheith ag obair le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile i slabhra an bhia.

## ***IOMPAR***

### Comhghnóthas SESAR

Ghlac an Chomhairle rialachán lena gcuirtear síneadh le ré chomhghnóthas SESAR go dtí an 31 Nollaig 2024 (*9391/14*; ráiteas: *9452/14*). Is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí í comhghnóthas SESAR a bhainistíonn forbairt thionscnamh Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR), lena ndírítear ar bhainistiú aerthráchta san Eoraip a nuachóiriú.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach preaseisiúint *11009/14*.

### Comhghnóthas Shift2Rail

Ghlac an Chomhairle rialachán lena mbunaítear comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí ar a dtugtar an comhghnóthas Shift2Rail (*9018/14* + *9018/14 COR1*; ráiteas *10357/14 ADD 1*). Bainisteoidh an t-eintiteas nua sin clár oibre taighde agus nuála chun tacú le seirbhísí feabhsaithe iarnróid san Eoraip agus chun iad a fhorbairt.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach preaseisiúint *10991/14.*

## ***FUINNEAMH NÚICLÉACH***

### Comhaontú Comhlachais leis an tSeoirsia

D'fhormheas an Chomhairle go ndéanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, ar an taobh amháin, agus leis an Úcráin, ar an taobh eile, a thabhairt chun críche (*8440/14*).

Toisc go gcumhdaíonn an Comhaontú Comhlachais thuasluaite idir an tAontas agus an tSeoirsia ábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ba cheart an Comhaontú a thabhairt chun críche, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, i dtaca le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom.

**Comhaontú Comhlachais leis an Moldóiv**

D'fhormheas an Chomhairle go ndéanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, ar an taobh amháin, agus leis an Moldóiv, ar an taobh eile, a thabhairt chun críche (*8442/14*).

Toisc go gcumhdaíonn an Comhaontú Comhlachais thuasluaite idir an tAontas agus an Mholdóiv ábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ba cheart é a thabhairt chun críche, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, i dtaca le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom.